



OPW Statement of Strategy to 2011
Ráiteas Straitéise Oifig na nOibreacha Poiblí go 2011

OPW Statement of Strategy to 2011
Ráiteas Straitéise Oifig na nOibreacha Poiblí go 2011

Contents

Foreword by the Minister of State	4
Foreword by the Chairman	6
Introduction and Executive Summary	9
Chapter 1 – Mission Statement and Mandate	17
Chapter 2 – Environmental Analysis	23
Chapter 3 – Opportunities and Challenges	35
Chapter 4 – Key Objectives of the OPW to 2011	47

Clár na nÁbhar

Réamhfhocail ón Aire Stáit	5
Réamhfhocail ón gCathaoirleach	7
Réamhrá agus Achoimre Fheidhmeach	9
Caibidil 1 – Ráiteas Misin agus Sainordú	17
Caibidil 2 – Anailís Comhshaoil	23
Caibidil 3 – Deiseanna agus Dúshláin	35
Caibidil 4 – Príomhchuspóirí an OPW go 2011	47

Foreword by Minister of State

Since taking up my new role here in the Office of Public Works I have been impressed by the organisation's commitment to the provision of an excellent service to its clients and customers and by the ethos of team-work and co-operation that pervades within the Business Units in the Office. This Strategy Statement iterates eleven high level objectives which will underpin the Office's work over the coming three years. I look forward to working with the staff of the OPW to implement this ambitious yet entirely realisable set of objectives over the period encompassed by this Strategy Statement.

The next three years will be particularly challenging for the Office. Change and modernisation are strong themes throughout the Strategy. These changes are ambitious and will prove challenging for both the people working within the organisation and for the structures within which the organisation works. However, the OPW, as a robust and forward looking organisation, will successfully meet these challenges and surmount them.

The implementation of the Decentralisation Programme both within the OPW and for our client Departments and Offices will continue as a primary focus of the Office. While the Government has announced a pause in the programme for appraisal purposes, contractual commitments already entered into will be fully honoured. The work of the OPW in ensuring that these commitments are fulfilled will therefore continue unabated. I am fully committed to the concept of decentralisation. I am strongly of the opinion that official Government business can be conducted from outside of Dublin. Decentralisation is about more balanced regional development, including a better mix of employment opportunities around the country.



Another area that will be challenging for the OPW but that I am eager to support and commend is the objective of embedding the issue of sustainability into all of the core activities of the OPW related to providing property and construction services, river and watercourse engineering services, procurement services and heritage services. As the major provider of buildings for Government, as a public service leader in the procurement area and as a major stakeholder in the development of the Government's Flood Risk Management Policy, the OPW occupies a very special position in contributing to Ireland's national policy commitments on sustainability. The opportunity exists for the OPW to become a leader and an exemplar in this area and I feel that we should grasp this opportunity enthusiastically.

I wish to encourage all of the staff of the OPW in their objectives as outlined in this Strategy and to state that I look forward to working with them to achieve each of the eleven objectives.

A handwritten signature in black ink that reads "Martin Mansergh". The signature is written in a cursive, flowing style.

Martin Mansergh, TD Minister of State

November 2008

Réamhfhocal ón Aire Stáit

Ó thosaigh mé ar an ról nua atá agam anseo in Oifig na nOibreacha Poiblí tá an cúram a dhéanann an eagraíocht de sheirbhís den scoth a chur ar fáil dá cliaint agus dá custaiméirí tar éis dul i bhfeidhm go mór orm, mar aon leis mbéim ar obair bhuíne agus ar chomhoibriú atá go tréan ar fud na nAonad Gnó san Oifig. Ainmnítear aon chuspóir déag ardleibhéil ar a mbeidh obair na hOifige bunaithe as seo go ceann trí bliana sa Ráiteas Straitéise seo. Táim ag súil le bheith ag obair le foireann Oifig na nOibreacha Poiblí chun an tsraith cuspóirí seo atá uailmhianach ach insroichte a chur i bhfeidhm sa tréimhse a chumhdaíonn an Ráiteas Straitéise seo.

Beidh dúshlán ar leith le sárú ag an Oifig as seo go ceann trí bliana. Déantar an-phlé ar théamaí an athraithe agus an nuachóirithe ó thús deireadh na Straitéise. Is athruithe uailmhianacha iad seo agus beidh dúshlán ag baint leo do na daoine atá ag obair san eagraíocht agus do struchtúir na heagraíochta. Tabharfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, ar eagraíocht í atá láidir agus fadbhreathnaitheach, faoi na dúshlán sin agus sáróidh sí iad.

Beidh an Oifig ag díriú go háirithe ar an gClár Dílárathaithe a chur i bhfeidhm taobh istigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus de Ranna agus d'Oifigí ár gcuid cliant. Cé go bhfuil fógartha ag an Rialtas go mbeidh moill ar an gclár sin chun deis a thabhairt athmheasúnú a dhéanamh air, déanfar na gealltanais chonarthacha atá déanta cheana féin a chomhlíonadh go hiomlán. Leanfar gan staonadh, dá bhrí sin, den obair atá ar bun ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun a chinntiú go gcomhlíontar na gealltanais sin.

Creidim go dílis i gcoincheap an dílárathaithe. Creidim go láidir gur féidir gnó oifigiúil an Rialtais a dhéanamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Baineann an dílárú le forbairt réigiúnach níos cothroime agus le níos mó éagsúlachta a bheith ag baint leis na deiseanna fostaíochta atá ann ar fud na tíre.

Tá réimse eile ann a mbeidh dúshlán ag baint leis d'Oifig na nOibreacha Poiblí ach a bhfuil an-fhonn orm tacú leis agus a mholadh. Is é an cuspóir sin go gcuirfí ceist na hinbhuanaitheachta san áireamh i gcroíghníomhaíochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí a bhaineann le sealúchas agus le seirbhísí tógála, le seirbhísí innealtóireachta sruthchúrsa agus aibhneacha, seirbhísí soláthair agus seirbhísí oidhreacht. Ó tharla gur sinn príomhsholáthróir na bhfoirgneamh Rialtais, mar cheannaire seirbhíse poiblí i réimse an tsoláthair agus mar pháirtí leasmhar tábhachtach i bhforbairt Beartas Bainistíochta Riosca Tuilte an Rialtais, tá ról ar leith ag Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le cur le gealltanais beartais náisiúnta na hÉireann faoin inbhuanaitheacht. Tá deis ag Oifig na nOibreacha Poiblí a bheith ina ceannaire agus ina heiseamláir sa réimse seo agus braithim gur cheart dúinn an deis seo a thapú go fonnmhar.

Is mian liom foireann iomlán Oifig na nOibreacha Poiblí a spreagadh le tabhairt faoina gcuspóirí mar a leagtar amach iad sa Straitéis seo agus a rá go bhfuilim ag súil le hoibriú i gcomhar leo le gach ceann den aon chuspóir déag a bhaint amach.



Martin Mansergh, TD Aire Stáit
Samhain 2008

Foreword by the Chairman

The Office of Public Works has a long and reputable history of public service in Ireland – indeed we celebrated our 175th anniversary in October 2006. Over the last decade the Office has undergone a period of substantial change. This began when we successfully set out to develop the organisation into commercially-focused Business Units.

While the process of embedding this change was ongoing we were presented with another major challenge in the form of the Decentralisation Programme. This challenge has impacted on us on many levels. The OPW itself is decentralising its headquarters to Trim and is establishing a significant regional office in Claremorris. Following on from the recent Government decision on decentralisation the planned move to Kanturk, Co. Cork will be revisited in 2011. Decentralisation involves a considerable turnover in staff and serious logistical challenges in readying the organisation for this major structural change. In addition we have a key central role in regard to the provision of property and accommodation solutions for a large number of other Civil and Public Service organisations covered by the Programme. These challenges are all being addressed at a time when we are seeking to execute a modernisation agenda within the organisation in the context of the Modernisation Programme for Public Services and in the context of the provisions of the Towards 2016 Partnership Agreement.

The public service ethos and commitment to customer service which has always been a defining quality of the OPW has remained central to all of our operations during this time of change.

I want to take this opportunity to acknowledge the work carried out by the staff of the OPW in bringing about these changes and addressing these challenges. In this regard, I want to thank all of the staff, those who have left or are about to leave the organisation, those remaining with it and those who have joined us in recent times,



for their readiness and cooperation in working towards our new future as a dynamic, versatile and progressive organisation.

The OPW will face further challenges during the period of this Strategy. I consider that the Business Unit structure has been successful in the past and has assisted us in underlining a commercial and customer focused culture within the OPW providing value for money for our customers and for the taxpayer. However, I feel that if the OPW is to continue to respond effectively to customer needs, particularly when operating in a decentralised environment, we will need to adapt this structure somewhat. We must increase our efforts to break down the traditional barriers between different disciplines and achieve true cross-disciplinary teamworking. This will form one of our main challenges going into the future as a modern public service organisation.

Change can be daunting but it can also be exciting and invigorating. If we continue to face the challenges for our organisation in a positive way and to work together to address them I have no doubt that the OPW will thrive and will increase its leadership role in its area of operation.

A handwritten signature in black ink, reading 'Seán Benton'. The signature is written in a cursive style with a large, stylized 'S' and 'B'.

Seán Benton Chairman

November 2008

Réamhfhocal ón gCathaoirleach

Is fada Oifig na nOibreacha Poiblí ag cur seirbhís phoiblí den scoth ar fáil in Éirinn – go deimhin bhí ár gceiliúradh 175 bliain againn i mí Dheireadh Fómhair 2006. Le deich mbliana anuas tá athrú mór tagtha ar an Oifig. Thosaigh an claochlú seo nuair a thugamar faoi Aonaid Ghnó a bheadh dírithe ar an tráchtáil a dhéanamh as an eagraíocht agus d'éirigh linn.

Fad a bhí an próiseas ar siúl a bhain leis an athrú sin a chur i bhfeidhm casadh dúshlán mór eile inár dtreo leis an gClár Díláraithe. Bhí tionchar ag an dúshlán sin orainn ar go leor bealaí. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí féin ag dílárú go Baile Átha Troim agus tá sí ag bunú oifig mhór réigiúnach i gClár Chlainne Mhuiris. I gcomhlíonadh cinne Rialtais déanfar athbhreathnú ar an dílárú pleanáilte le haghaidh Ceann Turc, Co. Chorcaí i 2011. Tá athrú mór foirne i gceist leis seo agus dúshlán mhóra ó thaobh lóistíocht agus sinn ag réiteach na heagraíochta don mhóraithrú struchtúir seo. Chomh maith leis sin tá ról tábhachtach lárnach againn i soláthar réiteach sealúchais agus cóiríochta do líon mór eagraíochtaí Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí eile a thagann faoin gClár. Táthar ag tabhairt faoi na dúshláin sin ar fad agus sinn ag iarraidh clár athchóirithe a chur i bhfeidhm san eagraíocht i gcomhthéacs Chlár Nuachóirithe na Seirbhísí Poiblí agus i gcomhthéacs fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta i dTreo 2016.

Bhí cultúr na seirbhíse don phobal agus cúram a bheith á dhéanamh den tseirbhís do chustaiméirí inár n-oibríochtaí uile ar na cáilíochtaí a tharraing meas ar Oifig na nOibreacha Poiblí san am atá thart agus sa tréimhse chorráitheach seo.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le haitheantas a thabhairt don obair a rinne foireann Oifig na nOibreacha Poiblí chun

na hathruithe seo a dhéanamh agus chun tabhairt faoi na dúshláin seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad, na daoine atá imithe nó atá ar tí an eagraíocht a fhágáil, na daoine atá ag fanacht inti agus na daoine atá tar éis teacht isteach le gairid, as comhoibriú go fonnmhar linn agus sinn ag tabhairt faoin ród atá romhainn mar eagraíocht dhinimiciúil, ildánach agus fhorásach.

Beidh dúshláin eile le sárú ag Oifig na nOibreacha Poiblí le linn thréimhse na Straitéise seo. Measaim gur éirigh le struchtúr an Aonaid Ghnó san am a chuaigh thart agus gur chuidigh sé linn cultúr tráchtála agus cultúr ina ndírítear ar an gcustaiméir a bhunú laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí a chuireann luach ar airgead ar fáil dár gcustaiméirí agus don cháiníocóir. Braithim, áfach, má tá Oifig na nOibreacha Poiblí le leanúint ag freagairt go héifeachtach do riachtanais na gcustaiméirí, go háirithe agus í ag feidhmiú i dtimpeallacht díláraithe, go mbeidh orainn an struchtúr seo a oiriúnú beagán. Caithfidimid cur lenár n-iarrachtaí na bacainní traidisiúnta idir disciplíní éagsúla a bhriseadh agus fíorobair bhuíne thrasdisciplíneach a chur á dhéanamh. Beidh sin ar cheann de na príomhdhúshláin a bheidh romhainn feasta mar eagraíocht seirbhíse poiblí nua-aimseartha.

Spreagann athrú eagla ach spreagann sé flosc agus fuinneamh chun oibre chomh maith. Má leanaimid orainn ag tabhairt faoi na dúshláin atá le sárú ag an eagraíocht ar bhealach dearfach agus má leanaimid orainn ag obair le chéile leis na dúshláin a shárú níl aon amhras orm ach go mbeidh rath ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus go méadóidh an ról ceannaireachta atá aici ina réimse feidhme.



Seán Benton Cathaoirleach

Samhain 2008



Rock of Cashel
Caiseal Mumhan

Introduction

Under the terms of the Public Service Management Act 1997 the Office of Public Works (OPW) is required to prepare a three year Strategy Statement following the appointment of a new Government. This Statement has been drawn up therefore to cover the period 2008 to 2011 following the appointment of the Government in May 2008. It is a forward looking document which sets out our key goals and objectives for the period.

These goals and objectives were developed following an environmental analysis of both the internal and external factors impacting on the OPW. In addition, a consultation process was carried out in the latter half of 2007, both internally through our partnership structures and management networks and externally with our customers. The goals and objectives are high level and feed directly into the Annual Business Plans of the Business Units, their constituent sections and the managers and staff employed in them. High level performance indicators are also outlined in the Strategy which in turn are derived from our goals and objectives, from the Government policies which direct our areas of work, from our Action Plan for the Implementation of Towards 2016 within the OPW and from the needs of our clients and customers. The Strategy also draws on previous Statements of Strategy and seeks to ensure continuity with the themes and substance of those strategies while progressing and developing from the goals outlined in them.

Focal Points of Activity

The five main focal points of activity for the OPW currently are:

- Property and construction related services
- Flood Risk Management
- Heritage Services
- Procurement Services and
- Decentralisation

Overarching Government Policies

The following Government Policies underpin the focus of activity in the OPW:

- Agreed Programme for Government

Réamhrá

Faoi théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, tá ceangal ar Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) Ráiteas Straitéise trí bliana a ullmhú tar éis do Rialtas nua a bheith ceaptha. Mar sin, dréachtaíodh an Ráiteas seo chun an tréimhse 2008 go 2011 a chlúdach tar éis cheapadh an Rialtais i mí na Bealtaine 2008. Is cáipéis fhorásach í seo ina leagtar amach ár bpríomhspriocanna agus príomhchuspóirí don tréimhse seo.

Cuireadh na spriocanna agus na cuspóirí seo le chéile tar éis anailís timpeallachta a dhéanamh ar na fachtóirí inmheánacha agus seachtracha a imríonn tionchar ar an OPW. Chomh maith leis sin rinneadh próiseas comhairliúcháin níos deireanaí in 2007 go hinmheánach trínár struchtúir chomhpháirtíochta agus trínár ngréasáin bhainistíochta agus go seachtrach lenár gcustaiméirí. Is spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil iad a dhéanann fónamh díreach ar Phleananna Gnó Bliantúla de na hAonaid Ghnó, a gcomhrannóga agus na bainisteoirí agus an fhoireann atá fostaithe iontu. Sainítear táscairí feidhmíochta ardleibhéil sa Straitéis chomh maith, a fhaightear, leis, ónár spriocanna agus ónár gcuspóirí, ó bheartais an Rialtais a stiúran ar réimsí oibre, ónár bPlean Gníomhaíochta do Chur i bhFeidhm i dTreo 2016 laistigh den OPW agus ó riachtanais ár gcliant agus ár gcustaiméirí. Tá tionchar ag Ráitis Straitéise roimhe seo ar an Straitéis chomh maith agus iarrann sé leanúnachas a chinntiú le téarmaí agus substaint na straitéisí sin agus dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh ó na spriocanna atá sainithe iontu.

Pointí Fócais na Gníomhaíochta

Is iad na cúig phríomhphointí fócais gníomhaíochta don OPW faoi láthair:

- Seirbhísí a bhaineann le maoin agus le foirgníocht
- Bainistíocht Riosca Tuile
- Seirbhísí Oidhreacht
- Seirbhísí Soláthair agus
- Dílárú

(A Blueprint for Ireland's Future 2007 – 2012)

- National Development Plan 2007 – 2013 (Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All)
- Report of the Flood Policy Review Group, 2004
- National Climate Change Strategy 2007 – 2012
- Government White Paper on Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland – The Energy Policy Framework 2007 – 2020.

Other Factors Impacting on the OPW

Other key factors which play important influencing roles on the activity of the OPW are:

- Decentralisation – both of the OPW itself and the provision of property solutions for the wider Government Decentralisation Programme.
- Value for Money - the OPW supports a consistent approach to identifying Value for Money outcomes through its Financial and Management Information Systems.
- Market Trends - the OPW is impacted on and in turn has an influence on the commercial environment in which it operates.
- Government's Architecture Policy - the OPW acts as adviser to the Government on Architecture and contributes to the implementation of Architectural Policy.
- EU Floods' Directive (2007/60/EC) - this Directive will place significant responsibilities on the OPW as the body charged with coordinating Flood Risk Management and with transposing the Directive.
- The Irish Public Service Modernisation Programme which encompasses a range of initiatives to modernise the workings of the public service to improve services for all customers and stakeholders.
- Information and Communication Technologies (ICT) – the OPW employs ICT to assist it in its day to day activities.
- Team and Cross Functional working – the OPW currently uses cross functional working methods in a number of areas and plans to extend it to other areas in the future.
- Partnership - the OPW has a positive approach to the Partnership model as a vehicle for

Beartais Uileghabhálacha an Rialtais

Tá na beartais Rialtais seo a leanas mar bhonn agus thaca chun fócas na gníomhaíochta a chinntiú don OPW:

- Clár Comhaontaithe don Rialtais (Treoirphlean do Thodhchaí na hÉireann 2007 – 2012)
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 (Athrú Mór ar Éirinn – Caighdeán Beatha Níos Fearr do Chách)
- Tuarascáil ar Ghrúpa Athbhreithnithe Beartas Tuile, 2004
- An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007 – 2012
- Páipéar Bán an Rialtais – Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn 2007 – 2020.

Fachtóirí eile a mbíonn tionchar orthu ar an OPW

Is iad seo a leanas na príomhthosca eile a imríonn tionchar tábhachtach ar ghníomhaíocht an OPW:

- Dílárú – ar Oifig na nOibreacha Poiblí iad féin agus réitigh maoinne a chur ar fáil do Chlár Dílártha Rialtais níos leithne.
- Luach ar Airgead – tacaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí le cur chuige comhsheasmhach chun torthaí Luach ar Airgead a aithint trína Chórais Eolais Airgeadais agus Bainistíochta.
- Treochtaí Margaidh – tá tionchar ag an timpeallacht tráchtála ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí air agus is féidir leis tionchar a imirt air sin chomh maith.
- Beartas Ailtireachta an Rialtais – feidhmíonn an OPW mar chomhairleoir don Rialtas maidir le hAiltireacht agus cuireann sé le cur i bhfeidhm Beartas Ailtireachta.
- Treoir Tuilte an AE (2007/60/CE) - leagfaidh an Treoir seo freagrachtaí suntasacha ar an OPW mar chomhlacht a bhfuil an cúram air Bainistíocht Riosca Tuile a chomhordú agus an Treoir a thrasú.
- Clár Nuachóiriúcháin na Seirbhíse Poiblí ina mbeidh réimse tionscnamh a thabharfaidh obair na seirbhíse poiblí cothrom le dáta ar mhaithe leis na custaiméirí agus an lucht leasa ar fad.

improving communication and ensuring staff input into policy development.

- ISO Accreditation - the OPW has achieved ISO accreditation for its main business processes.
- Agency work for Departments and Public Service bodies - the OPW acts as an agent or provider of shared services for client Departments and Agencies in property acquisition and the procurement of goods and services.
- Legislative, regulatory and supervisory developments – changes in legislation and/or regulations and developments in the area of public service supervision and governance can impact on the day to day activities of the OPW.

Opportunities and Challenges

Taking into consideration Government Policy, the environment in which we work and the needs of our customers, the OPW sees our high level opportunities and challenges arising in the following areas:

- The completion of our own decentralisation programme and of the property and accommodation acquisition for the Government's main decentralisation programme.
- The fulfilment of our role as lead agency in the management of Flood Risk.
- Continuing as the Government's service provider of choice in the area of property management. Developing as a centre of excellence in the property and construction fields and in the area of sustainability as it relates to property, construction and accommodation issues in general.
- The management of the State's Heritage property portfolio in a manner that conserves and protects while maximising and improving public access.
- The expansion of the OPW's role in procuring goods and services for other Government Departments and Agencies.
- The development of ICT Strategy that is closely aligned to the OPW's operational and strategic goals and objectives.
- The implementation and further development of human resource management strategy.

- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) – baineann an OPW leas as ICT chun cabhrú lena ghníomhaíochtaí laethúla.
- Modhanna oibre Foirne agus Trasfheidhmiúla – i láthair na huaire úsáideann an OPW modhanna oibre trasfheidhmiúla i roinnt mhaith réimsí agus tá sé beartaithe é a leathnú amach go réimsí amach anseo.
- Comhpháirtíocht – tá cur chuige dearfach ag an OPW i ndáil leis an múnla Comhpháirtíochta mar uirlis chun cumarsáid a fheabhsú agus chun ionchur foirne a chinntiú maidir le forbairt polasáí.
- Creidiúnú ISO – bhain an OPW creidiúnú ISO amach dá phríomhphróisis ghnó.
- Obair gníomhaireachta do chomhlachtaí na Roinne agus seirbhíse poiblí – feidhmíonn an OPW mar ghníomhaire nó mar sholáthróir seirbhísí roinnte do Ranna agus Gníomhaireachtaí cliant maidir le maoin a fháil agus maidir le hearraí agus seirbhísí a chur ar fáil.
- Forbairtí reachtúla, rialúcháin agus maoirseachta – is féidir le hathruithe i reachtaíocht agus/nó rialúcháin agus forbairtí i réimse maoirseacht agus rialú seirbhíse poiblí tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí laethúla an OPW.

Deiseanna agus Dúshlán

Agus aird á tabhairt ar Bheartas an Rialtais, ar an timpeallacht ina mbímid ag obair agus ar riachtanais ár gcustaiméirí, feictear don OPW go n-eascróidh ár ndeiseanna agus ár ndúshlán ardleibhéil sna réimsí seo a leanas:

- Ár gclár díláraithe féin a chur i gcrích mar aon le críoch a chur le soláthar maoine agus cóiríocht do phríomhchlar díláraithe an Rialtais.
- Ár ról mar ghníomhaireacht cheannasach i mbainistiú Riosca Tuile a chomhlíonadh.
- Leanúint mar sholáthraí seirbhíse de rogha an Rialtais i réimse na bainistíochta maoine. Forbairt a dhéanamh mar ionad feabhais i réimsí maoine agus foirgníochta agus i réimse na hinbhuanaitheachta mar a

- The expansion of cross-functional, cross-reporting and cross-discipline methods of operation further throughout the OPW.
- The further integration of sustainability practices into all business activities of the OPW.

Key Objectives

In pursuance of these opportunities and challenges and taking into consideration the environment in which we work, we have drawn up the following key objectives as a blueprint for the OPW's work over the three years of this Strategy.

1. To devise and deliver on Annual Work Programmes which are in line with Government policies and priorities and which respond to Customers' requirements in a timely and sustainable manner, providing value for money.
2. To deliver successfully on the property and accommodation requirements of the Government's Decentralisation programme.
3. To deliver successfully on the decentralisation of the OPW.
4. To advise the Government in relation to policy development and legislative requirements for flood risk management and to develop, coordinate and implement programmes and measures to reduce the national level of flood risk to people, businesses, infrastructure and the environment.
5. To manage the OPW's property portfolio effectively, ensuring that its potential is maximised and that it is used efficiently in terms of value for money, sustainability, space and energy consumption.
6. To manage the State's Heritage property portfolio in a manner that conserves and protects while maximising and improving public access, presenting the sites to best advantage and ensuring that visitor enjoyment and education experiences are enhanced.
7. To optimise value in the procurement of services, works and supplies in a sustainable manner and in line with Government policies.

bhaineann sé le maoin, foirgníocht agus ceistanna cóiríochta tríd is tríd.

- Cúram mhaoin Oidhreachta an Stáit a bhainistiú ar shlí a gcaomhnaíonn agus a gcosnaíonn agus rochtain phoiblí á uasmhéadú agus á fheabhsú.
- Ról an OPW a leathnú maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil do Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile.
- Straitéis ICT a fhorbairt atá ailínithe go dlúth le spriocanna agus le cuspóirí feidhmiúla agus straitéiseacha an OPW.
- Straitéis bainistíochta acmhainní daonna a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh.
- Modhanna oibríochta trasfheidhmiúla, trastuairiscithe agus trasdisciplín a leathnú a thuilleadh ar fud an OPW.
- Cleachtais inbhuanaitheachta a chomhtháthú a thuilleadh isteach le gníomhaíochtaí gnó uile an OPW.

Príomhchuspóirí

De bhun na ndeiseanna agus na ndúshlán sin agus aird a tabhairt ar an timpeallacht ina noibrimid, tá na príomhchuspóirí seo a leanas dréachtaithe againn mar threoirphlean ar obair an OPW do na trí bliana den straitéis seo.

1. Cláir Oibre Bhliantúla atá ar aon dul le beartais agus le tosaíochtaí an Rialtais agus a fhreagraíonn do riachtanais Chustaiméirí ar shlí thráthúil agus inbhuanaithe, ina gcuirtear luach ar airgead ar fáil, a cheapadh agus a sheachadadh.
2. Riachtanais maoine agus cóiríochta do chlár Dílraithe an Rialtais a sheachadadh go rathúil.
3. Dílárú an OPW a sheachadadh go rathúil.
4. Comhairle a chur ar an Rialtas maidir le forbairt beartas agus riachtanais reachtúla i dtaobh bainistíocht riosca tuile agus chun cláir agus bearta a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm d'fhonn leibhéal náisiúnta an riosca tuile do dhaoine, do ghnólachtaí, d'infreastruchtúr agus don chomhshaol a laghdú.
5. Cúram maoine an OPW a bhainistiú go héifeachtach, ina gcinntítear go mbainfear

8. To support the effective, efficient and sustainable delivery of the OPW's work programme through the ongoing design and development of ICT and Data Management aligned to the OPW's operational and strategic goals and objectives.
 9. To maximise communication with, input from and development of people within the OPW by the implementation and further development of HR strategy and the development and promotion of the Partnership model.
 10. To develop a new corporate structure which ensures better integration and communication thereby improving on service delivery.
 11. To fully integrate the principles of sustainable development into the design, construction and procurement services and day-to-day activities of the OPW.
- an leas is mó as a phoitéinseal agus go n-úsáidtear é go héifeachtúil i dtéarmaí luach ar airgead, inbhuanaitheachta, spáis agus tomhaltas fuinnimh.
6. Cúram mhaoin Oidhreacht an Stáit a bhainistiú ar shlí a gcaomhnaíonn agus a gcosnaíonn agus rochtain phoiblí á huasmhéadú agus á feabhsú, ina láithrítear na suímh chun an leas is mó a bhaint astu agus chun a chinntiú go gcuirfear le taitneamh agus eispéiris oideachais cuairteoirí.
 7. An luach is mó agus is féidir a fháil maidir le soláthar seirbhísí, oibreacha agus soláthairtí ar shlí inbhuanaithe agus ar aon dul le beartais an Rialtais.
 8. Tacú le seachadadh éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe chlár oibre an OPW trí ICT agus Bainistíochta Sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha an OPW a chomhlíonadh.
 9. Cur chomh mór agus is féidir le cumarsáid, le hionchur daoine agus le forbairt daoine laistigh den OPW tríd an Straitéis HR a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh agus chun an múnla Comhpháirtíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn.
 10. Struchtúr nua corparáide a fhorbairt a chinnteoidh go mbeidh comhtháthú agus cumarsáid níos fearr ann agus go mbeidh feabhas ar sheachadadh seirbhíse dá bharr.
 11. Prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú go hiomlán isteach le dearadh, tógáil agus seirbhísí soláthair agus i ngníomhaíochtaí laethúla an OPW.





Clonmacnoise
Cluain Mhic Nóis

Mission of the OPW

The Mission of the Office of Public Works (OPW) is:

To deliver, in support of Government policies, high quality customer services in property, flood risk management, general procurement and heritage in the most sustainable, efficient and economic way possible.

The OPW is first and foremost a service organisation. Its ethos is client focus, timely delivery and value for money in a sustainable manner.

Our customers are Government, other Departments, Offices and Agencies and ultimately the public. Our core services are property maintenance, property management, architectural services, flood risk management and engineering services, heritage services, project management and procurement services. We also deliver a facilities and building management service, an art management service and conference and event management.

OPW's Legal Framework

The legal framework within which the OPW operates and which guides the specific core activities carried out by the Office is set out principally in the following enactments:

- Public Works Act 1831.
- State Property Act 1954.
- State Authorities (Development and Management) Act 1993.
- Arterial Drainage Acts 1945 – 1995.
- Commissioners of Public Works (Functions and Powers) Act 1996.
- National Monuments Acts 1954 – 1999.

This body of legislation confers relevant powers in relation to the OPW on the Minister for Finance and that Minister remains the legal head and the ultimate political authority in respect of the Office.

In common with other Departments and Agencies of State, the OPW is also subject to the provisions of legislation such as:

- Civil Service Regulation Acts 1923 – 2005.
- Data Protection Acts 1988 and 2003.
- Prompt Payment of Accounts Act 1997.

Misean an OPW

Is é Misean Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW):

Seirbhísí do chustaiméirí ar ardchaighdeán maidir le maoin, bainistíocht riosca tuile, soláthar ginearálta agus oidhreacht a sheachadadh, mar thaca le beartais an Rialtais, sa tslí is inbhuanaithe, is éifeachtúla, is eacnamúla agus is indéanta.

Thar aon rud eile, is eagraíocht seirbhíse é an OPW. Is é t-éiteas atá aige - fócas ar an gcliant, seachadadh tráthuill agus luach ar airgead ar shlí inbhuanaithe.

Áirítear ar ár gcustaiméirí an Rialtas, Ranna eile, Oifigí agus Gníomhaireachtaí agus gan amhras, an pobal. Is iad na príomhsheirbhísí atá againn cothabháil maoin, bainistíocht maoin, seirbhísí ailtireachta, bainistíocht riosca tuile agus seirbhísí innealtóireachta, seirbhísí oidhreacht, bainistíocht tionscadail agus seirbhísí soláthair. Chomh maith leis sin, déanaimid áiseanna agus seirbhís bainistíochta foirgníochta, seirbhís bainistíochta ealaíne, mar aon le bainistíocht comhdhálacha agus imeachtaí a sheachadadh.

Creat Dlíthiúil an OPW

Leagtar amach go príomha sna hachtacháin seo a leanas an creat dlíthiúil ina bhfeidhmíonn an OPW agus a threoraíonn na príomhghníomhaíochtaí sainsiúla a dhéanann an Oifig:

- Public Works Act 1831.
- An tAcht Maoine Stáit 1954.
- An tAcht um Údarás Stáit (Forbairt agus Bainisteoireacht) 1993.
- Na hAchtanna Siltin Airtéirigh 1945 – 1995.
- An tAcht um Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí (Feidhmeanna agus Cumhachtaí) 1996.
- Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1954 – 1999.

Bronnann an corpas reachtaíochta seo cumhachtaí cuí ar an Aire Airgeadais i ndáil leis an OPW agus fanann an tAire sin mar cheann dlí agus an bunúdarás polaitíochta maidir leis an Oifig.

I gcoiteannas le Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, tá an OPW faoi réir na bhforálacha reachtaíochta ar nós:

- Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1923 – 2005.

- Public Service Management Act 1997.
- Freedom of Information Acts 1997 and 2003.
- Official Languages Act 2003.

Legislation in the areas of employment, equality, health & safety, environment and planning & development also form significant parts of the OPW's legal framework. In particular, newer pieces of legislation such as the Disability Act 2005, the regulations made under the Health and Safety Act 2005 and the Act itself impact on the day to day operations of the OPW.

Management Structure

The OPW's senior management structure is organised around the interlinking entities of the Board and the Management Advisory Committee. This group reports to the Minister of State at the Department of Finance with special responsibility for the OPW and through the Minister for Finance to the Government.

The Board comprises the Chairman and two Commissioners and is the legal entity referred to in relevant legislation and regulations concerning the Commissioners of Public Works.

The Board and the Directors of Architectural Services, Engineering Services and Corporate Services comprise the Management Advisory Committee (MAC). The MAC is the Senior Management group which advises the Minister of State on policy and directs the normal activities and functions of the Office. It also advises and supports the Board in the exercise of its statutory functions.

The main focal points for the activity of the OPW at present are:

Property and construction related services

The OPW provides property management, property maintenance, architectural, engineering, project management and facilities management services to central Government Departments and Agencies.

Management of Flood Risk

The OPW is the lead agency for the management of flood risk measures in Ireland. This role involves the national coordination of activities as well as developing, implementing and

- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.
- An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997.
- An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.
- Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Maidir le reachtaíocht i réimsí na fostaíochta, an chomhionannais, sláinte & sábháilteachta, an chomhshaoil agus pleanála & forbartha, is chuid mhaith de chreat dlíthiúil an OPW iad chomh maith. Go sonrach, bíonn tionchar ag píosaí níos nua reachtaíochta cosúil leis an Acht um Míchumas 2005, ag na rialacháin a rinneadh faoin Acht Sláinte agus Sabháilteacht 2005 agus ag an Acht féin ar ghníomhaíochtaí laethúla an OPW.

Struchtúr na Bainistíochta

Eagraítear struchtúr bhainistíocht shinsearach an OPW thart ar aonáin idircheangailte an Bhoird agus an Coiste Comhairleach Bainistíochta. Tuairiscíonn an grúpa seo don Aire Stáit sa Roinn Airgeadais a bhfuil freagracht ar leith air don OPW agus tríd an Aire Airgeadais go dtí an Rialtas.

Cuimsíonn an Bord an Cathaoirleach agus beirt Choimisinéirí agus is é an t-aonán dlíthiúil dá dtagraítear sa reachtaíocht agus sna rialacháin chuí a bhaineann le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí.

Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an Bord agus Stiúrthóirí na Seirbhísí Ailtireachta, Seirbhísí Innealtóireachta agus Seirbhísí Corparáide. Is grúpa Bainistíocht Shinsearach é an MAC a chuireann comhairle ar an Aire Stáit maidir le beartas agus is é a stiúrann gnáthghníomhaíochtaí agus gnáthfheidhmeanna na hOifige. Chomh maith leis sin, cuireann sé comhairle ar an mBord agus tacaíonn sé leis i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla agus tacaíonn sé leo.

Is iad na príomhphointí fócais do ghníomhaíocht an OPW i láthair na huaire:

Seirbhísí a bhaineann le maoin agus le foirgníocht

Cuireann an OPW seirbhísí bainistíochta maoin, cothabháil maoin, seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, bainistíochta tionscadail agus bainistíochta áiseanna ar fáil do Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais láir.

maintaining structural and non-structural flood risk management programmes and measures.

Heritage Services

The OPW is responsible for the operational management of a large number of key heritage sites and buildings throughout the country.

Procurement Services

The OPW is the principal procurer of a wide range of products such as stationery, vehicles, uniforms, furniture and utilities on behalf of Government Departments and Agencies.

Decentralisation

The OPW is charged with providing the property solutions for all Departments and the majority of Agencies involved in the Government's Decentralisation programme. The OPW itself is decentralising its own staff to two areas as part of that programme i.e. Trim, Co. Meath and Claremorris, Co. Mayo.

Delivery Structure

The operations of the OPW are carried out by nine Business Units, each directed by a member of the MAC. They are:

- Project Management Services
- Property Maintenance Services
- Property Management Services
- Architectural Services
- Flood Risk Management
- Engineering Services
- Government Supplies Agency
- Heritage Services
- Facilities and Event Management Services.

The Business Units are supported centrally by the Corporate Services Division managed by the Director of Corporate Services. Corporate Services include elements such as Human Resource Management, Financial Services, ICT Services and other supports necessary for the day to day operations of the Office.

Bainistíocht Riosca Tuile

Is é an OPW an ghníomhaireacht cheannasach chun bainistiú a dhéanamh ar bhearta riosca tuile in Éirinn. Is é atá i gceist leis an ról seo cornhordú náisiúnta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí mar aon le cláir agus bearta bainistíochta riosca tuile struchtúrtha agus nearnhstruchtúrtha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chothú.

Seirbhísí Oidhreachta

Tá cúram ar an OPW maidir le bainistíocht oibríochtúil ar líon mór príomhshuímh agus foirgnimh oidhreachta ar fud na tíre.

Seirbhísí Soláthair

Is é an OPW an príomhsholáthróir do raon táirgí cosúil le stáiseanóireacht, feithiclí, éidí, troscán agus áiseanna thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais.

Dílárú

Tá an cúram ar an OPW réitigh maoine a chur ar fáil do gach Roinn agus d'fhormhór na nGníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le clár Díláraithe an Rialtais. Tá an OPW é féin ag dílárú a chuid foirne go dhá cheantar mar chuid den chlár sin i.e. Baile Átha Troim, Co. na Mí, agus Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo.


Struchtúr Seachadta

Déanann naoi nAonad Gnó oibríochtaí an OPW, ina ndéanann comhalta amháin den MAC ceann a bhainistiú. Sin iad:


- Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail
- Seirbhísí Cothabhála Maoine
- Seirbhísí Bainistíochta Maoine
- Seirbhísí Ailtireachta
- Bainistíocht Riosca Tuile
- Seirbhísí Innealtóireachta
- Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais
- Seirbhísí Oidhreachta
- Seirbhísí Áiseanna agus Bainistíochta Imeachtaí.

Tugann an Rannóg Seirbhísí Corparáide, arb é Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide a dhéanann é sin a bhainistiú, tacaíocht lárnach do na hAonaid Gnó. Áirítear ar Sheirbhísí Corparáide gnéithe cosúil le Bainistíocht Acmhainní Daonna, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí ICT agus tacaíochtaí eile is gá d'oibríochtaí laethúla na hOifige.

Organisation Structure of the OPW



Struchtúr Eagraíochta an OPW





Long Gallery, Kilkenny Castle
Áiléar Fada, Caisleán Chill Chainnigh

The OPW is primarily a public service organisation. Its mission, however, requires it to have a strong commercial emphasis. It therefore responds to and is affected in its day to day business by Government policies, economic trends and circumstances and prevailing trends in its area of operations.

As it is a service organisation the OPW has a strong customer focus and as a result the majority of its staff are employed in operational and front line areas responding to customer needs. Our customers are Government, other Departments, Offices and Agencies and ultimately the public. A consultation process with our customers and clients formed an integral part of the development of our Statement of Strategy.

Government Policies

- Agreed Programme for Government (A Blueprint for Ireland's Future 2007–2012)
- National Development Plan 2007 – 2013 (Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All)
- Report of the Flood Policy Review Group, 2004
- National Climate Change Strategy 2007 – 2012
- Government White Paper on Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland – The Energy Policy Framework 2007 – 2020

These policy documents are important in determining the direction of the OPW over the life of this Strategy Statement.

Programme for Government

The Programme for Government has implications for our Strategy in a number of important areas:

National Development Plan

From the outset the Programme for Government emphasises that the full implementation of the National Development Plan (NDP) will be a priority for Government. The main issues for the OPW emanating from the NDP are explored in more detail in the next section of this Chapter.

Thar aon rud eile, is eagraíocht seirbhís phoiblí é an OPW. Ceanglaíonn a mhisean air, áfach, go mbeadh béim láidir tráchtála aige. Mar sin, freagraíonn sé do bheartais Rialtais, do threochtaí agus dálaí eacnamaíocha agus do threochtaí i réim ina réimse oibríochta agus bíonn tionchar orthu sin ar a ghnó laethúil chomh maith.

Mar gheall gur eagraíocht seirbhíse é, tá fócas láidir ar chustaiméirí ag an OPW agus dá bharr sin, tá formhór na foirne fostaithe i réimsí oibríochtúla agus túsline ag freagairt do riachtanais na gcustaiméirí. Áirítear ar ár gcustaiméirí an Rialtas, Ranna eile, Oifigí agus Gníomhaireachtaí agus ar ndóigh an pobal. Bhí ról lárnach ag próiseas comhairliúcháin lenár gcustaiméirí agus claint i bhforbairt an Ráitis Straitéise seo.

Beartais Rialtais

- Clár Comhaontaithe Rialtais (Treoirphlean do Thodhchaí na hÉireann 2007 – 2012)
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 (Athrú Mór ar Éirinn – Caighdeán Beatha Níos Fearr do Chách)
- Tuarascáil an Grúpa Athbhreithnithe Beartas Tuile
- An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007 – 2012
- Páipéar Bán an Rialtais - Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn

Tá tábhacht leis na cáipéisí beartais seo chun treoir an OPW thar shaolré an Ráitis Straitéise seo a chinneadh.

Clár Rialtais

Tá impleachtaí ag an gClár Rialtais ar ár Straitéis i roinnt réimsí tábhachtacha:

An Plean Forbartha Náisiúnta

Ón tús, leagann an Clár Rialtais béim go mbeidh cur i bhfeidhm iomlán an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) mar thosaíocht ag an Rialtas. Déantar cioradh níos sonraithe ar na príomhcheisteanna atá sa PFN maidir leis an OPW sa chéad mhír eile den Chaibidil seo.

Ensuring Value for Money

The Programme for Government requires that all expenditure under the NDP be subject to a robust Value for Money framework. It requires full cost benefit analysis in line with the Department of Finance guidelines for major capital projects over €30 million, implementation of the new procurement arrangements, Programme Evaluations, Value for Money & Policy Reviews and the submission of Annual Output Statements with Annual Estimates to relevant Oireachtas Committees.

Public Sector Management

The Programme for Government calls for the further opening of management roles to the best qualified candidates, the roll out of the Performance Management and Development System (PMDS), improvements in human resource management and succession and career planning.

Decentralisation

The Programme reiterates the Government's commitment to moving ahead with the decentralisation programme, which has major implications for this Office in terms of workload and delivery of services.

Sustainability

The Programme for Government requires the public sector to lead the way on energy efficiency with a target of 33% energy savings by 2020.

Heritage

The Programme for Government commits to a greater emphasis on the protection, conservation, interpretation and access to natural, built and archaeological heritage.

National Development Plan 2007 – 2013

The NDP also has implications for strategy development within the OPW. The programmes set out in the NDP will lead to an increase in demand by Departments and Agencies for property related services. The OPW as the body which provides operational services in this area will therefore see an increase in work in relation to the property function. The area of

Luach ar Airgead a Chinntiú

Ceanglaíonn an Clár Rialtais go mbeidh gach caiteachas faoin PFN faoi réirdhianchreat Luach ar Airgead. Tá gá le hanailís costais tairbhe iomlán ar aon dul le treoirilínte na Roinne Airgeadais maidir le mórhionscadail caipitil níos mó ná €30 milliún, cur i bhfeidhm na socruithe soláthair nua, Measúnuithe Cláir, Athbhreithnithe Luach ar Airgead & Beartas agus Ráitis Bhliantúla Aschuir ar a bhfuil Meastacháin Bhliantúla a chur isteach go Coistí Oireachtais cuí.

Bainistíocht Earnáil Phoiblí

Éilíonn an Clár Rialtais go n-osclófaí ról bainistíochta do na hiarrthóirí is fearr cáilithe, go ndéanfaí Córas Feidhmíochta Bainistíochta agus Forbartha (PMDS) a leathnú amach, go ndéanfaí feabhsúcháin i mbainistíocht acmhainní daonna agus i gcomharbas agus i bpleanáil gairme.

Dílárú

Deimhníonn an Clár arís gealltanas an Rialtais chun bogadh ar aghaidh leis an gclár díláraithe, ag a bhfuil mórimpleachtaí don Oifig i dtéarmaí ualach oibre agus seirbhísí a sheachadadh.

Inbhuanaítheacht

Ceanglaíonn an Clár Rialtais ar an earnáil poiblí a bheith ceannródaíoch maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus sprioc 33% de choigiltis fuinnimh acu faoin mbliain 2020.

Oidhreacht

Tá an Clár Rialtais tiomnaithe go leagfaí níos mó béime ar an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus seandálaíochta a chosaint, a chaomhnú, a léirmhíniú agus ar rochtain uirthi.

An Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013

